Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009

Iarnród Éireann

# AG TIOMÁINT NA HÉIFEACHTÚLACHTA



PRN.A10/0297

# AN CLÁR

3 **Athbhreithniú na nOibríochtaí 2009**

14 **Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile**

15 **Tuarascáil na Stiúrthóirí**

19 **Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí**

20 **Tuarascáil na nIniúchóirí**

22 **Príomhbheartais Chuntasaíochta**

24 **Cuntas Brabúis agus Caillteanais**

25 **Clár Comhardaithe**

26 **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

27 **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

Ba mhaith le hIarnród Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú a rinne Rialtas na hÉireann ar mhórthionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2013 chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** firstimpression

transport21
progress in motion

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
Athrú Mór ar Éirinn

irishrail.ie



Iarnród Éireann

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009

## Forbhreathnú

Ba bhliain dúshlánach eile í 2009 do Iarnród Éireann le tionchar ag ioncam agus fóirdheontais laghdaithe ar staid airgeadais na Cuideachta.

Ba iad príomhghnéithe na bliana ná:

- Líon paisinéirí laghdaithe agus ioncam ag titim
- Tráchtanna lastais laghdaithe, go háirithe stroighin agus sceall
- Fóirdheontas oibriúcháin rialtais laghdaithe
- Titim agus athchóiriú Tarbhealaigh Mhullach Íde
- Cur i bhfeidhm clár laghdaithe costais (laghdú ar líon na foirne san áireamh)
- Poncúlacht agus iontaofacht seirbhísí atá go maith san iomlán
- Comhlánú tionscadail 4-rian Chill Dara
- Athoscailt seirbhís an Ghleanntáin-Mainistir na Corann
- Tabhairt chun seirbhíse an chuid deireanach den 177 Ráilcharr IdirChathrach (ICRanna) in 2009
- Comhlánú na céad chéime de thionscadal Chonair Iarnróid an Iarthair.

## Cost-éifeachtúlacht

Rinneadh coigiltis chostais de €31.4 milliún i rith na bliana 2009 ar phárolla, breosla, ábhair, seirbhísí agus oibríochtaí de réir mar a coimeádadh an leibhéal iomlán seirbhísí traenach i bhfeidhm chomh maith.


## Airgeadas

### Toradh oibriúcháin 2009


Sa bhliain 2009 rinne Iarnród Éireann caillteanas oibriúcháin (roimh míreanna eisceachtúla) de €4.0m.

Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, tháinig laghdú 5.9m ar thurais phaisinéirí ó 44.7m in 2008 go 38.8m in 2009, a léiríonn laghdú 13% ar líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana.

**Figiúr 1 Líon na bpaisinéirí**




**Figiúr 2 Ioncam paisinéirí**





Bhí laghdú foriomlán ar ioncam paisinéirí faoi 9% sa bhliain agus b'ionann ioncam paisinéirí iomlán agus €169.4m don bhliain 2009, laghdú €17.3m ar ioncam na bliana 2008. Ba é €4.36 meántáille na dturas tógtha in 2009, méadú ó €4.16 in 2008.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

B'ionann coigiltis i mbreosla, ábhair agus costais phárolla in 2009 áfach, agus laghdú €31.4m ar chostais i gcomparáid le 2008.

Laghdaíodh faoi 11% fóirdheontas do Iarnród Éireann in 2009, laghdú €20.6m ar leibhéal fóirdheontais na bliana 2008.

**Figiúr 3 Fóirdheontas**




## Míreanna eisceachtúla in 2009

Tabhaíodh íocaíochtaí téarfa deonacha de €28.0m chun luathscor a éascú.

Tabhaíodh caillteanas iomlán de €32.0 m tar éis míreanna eisceachtúla in 2009.

## Lastas

B'ionann an toradh oibriúcháin lastais agus €1.4m don bhliain agus d'fhág sé easnamh €1.3 sa bhuiséad. Bhí laghdú suntasach ar bhuiséad an líon feithiclí de bharr drochdhálaí geilleagracha.

D'fhág ioncam lastais ag €9.0m (2008:€17.1m) easnamh €2.1m sa bhuiséad, go háirithe sna tráchtanna stroighne, scealla agus treoraithe.

Ar bhonn níos dearfaí, socraíodh trácht lastais traenach nua ó phointe go pointe idir Bhaile an Átha agus Calafort Bhaile Átha Cliath ó IWT. Tuillfear ioncam breise de €0.7m in aghaidh na bliana agus cabhraíonn an sreabhadh nua seo chun inmharthanacht airgeadais an ghnó lastais a fheabhsú do Iarnród Éireann.

## Europort Ros Láir

Bhí bliain bhrabúsach eile ag Europort Ros Láir cé gur fhulaing an gnó de bharr an choir chun donais ghinearálta sa gheilleagar agus bhí laghdú ar líon na bhfeithiclí ó leibhéil na bliana 2008.

## Coigiltis ginte

Baineadh coigiltis amach trí roinnt tionscnamh lena n-áirítear laghdaithe suntasacha ar leibhéil na ragoibre agus an luathscoir trí íocaíochtaí téarfa deonach. Laghdaigh líon na bhfostaithe in Iarnród Éireann faoi 346 in 2009. Laghdaíodh costais ábhair trí roinnt conarthaí a idirbheartú. Bhí leibhéal na cothabhála taismigh riachtanach do rothstoc níos ísle ná mar a measadh agus bhí laghdú ar úsáid ábhair dá éis sin.

Bhí breosla díosail ag €25.3m (2008:€30.6m) €7.8m i bhfabhar an bhuiséid le coigiltis ar an líon feithiclí ó úsáid éifeachtach a bhaint as rothstoc, úsáid laghdaithe de bharr athruithe seirbhíse agus costais CBL níos lú mar gheall ar phraghsanna margaíochta laghdaithe.

Tá leictreachas DART ag €3.3m (2008:€7.0m) €3.2m i bhfabhar an bhuiséid le coigiltis bainte amach ó bhearta éifeachtúlachta, laghdú ar voltais agus laghdaithe ar phraghsanna.



# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

## Eisiúint scaireanna

Óna bhunú sa bhliain 1987, tá iasacht suntasach ó CIÉ coiméadta ar a chlár comhordaithe ag Iarnród Éireann. Léiríonn an iasacht costas na nglansócmhainní aistrithe ó CIÉ lúide an scairchaipiteal glaoite.

Iasacht de IR£193.705m (€245.955m) a bhí ann agus rinneadh aisíocaíochtaí le CIÉ sna luathbhlianta in éineacht leis an ús gearrtha. Sa bhliain 1994 bhí an iasacht laghdaithe go IR£130m (€165m) agus d'fhan ag an bhfigiúr sin go dtí eisiúint na scaireanna i mí na Nollag, 2009.

B'ionann scairchaipiteal Iarnród Éireann nuair a bunaíodh é agus 75 milliún scair ag £1(€1.2697) an ceann. Eisíodh 23 milliún acu seo; 1 scair airgid thirim ag £1(€1.2697) le CIÉ agus 1 scair airgid thirim ag £1(€1.2697) le Runaí Bhord CIE mar ainmní agus 22,999,998 gnáthscair le CIE.

Le comhaontú Boird CIÉ, eisíodh an 52 milliún scair a bhí fágtha do CIÉ i gcomaoin céatadán na hiasachta idirchuideachta ag freagairt do luach ainmniúil na scaireanna(€66m).




## Sábháilteacht

### Titim Tarbhealaigh Mhullach Íde

An príomh-eachtra a bhain le sábháilteacht in 2009 ba ea titim dhá réise agus cé Tarbhealaigh Mhullach Íde ar an Aoine 21ú Lúnasa, 2009. Tharla an t-eachtra go gairid tar éis do dhá traen paisinéara gabháil thairis. Buíochas le gairmiúlacht tiománaí an dara traenach, agus le fear na gcomharthaí a bhí ag obair, tugadh an dara traen go sábháilte chuig an gcéad stáisiún eile, tugadh an rabhadh agus stadadh na seirbhísí ina dhiaidh sin. Bhí sé soiléir go gairid ina dhiaidh sin gur thit an cé mar thoradh ar an gcora ar a seasann an tarbhealach a bheith creimthe ag an bhfarraige.

Tá tuairisciú déanta ag an bhfiosrúchán inmheánach faoi thitim Tarbhealaigh Mhullach Íde ar a thorthaí do Aonad Imscrúdaithe Timpistí Iarnróid (RAIU) na Roinne Iompair. Táirgfidh an RAIU a thuarascáil deiridh laistigh de sé mhí.

Tógadh samhail fisiciúil ag feidhmiú go hiomlán d'inbhear an Mhóinéir Leithne i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh chun éifeachtaí hidreolaíocha sreabha uisce a shamhaltú. Chabhraigh torthaí na samhla chun eolas a chur ar fáil don fhiosrúchán inmheánach agus le forbairt na réime cothabhála amach anseo chomh maith atá riachtanach chun baol creimthe a mhaolú.

Le linn na 12 seachtaine ón uair a thit cé uimh. 4 agus an dá réise cóngarach dó ar an 21ú Lúnasa 2009, atógáladh an ché tite, le píleáil á thacú. Suiteáladh an dá réise deice athchuir. Neartaíodh na céanna eile go léir le píleáil agus atógadh an chora a ritheann faoi bhun na ngcéanna. D'fhíoraigh innealtóirí comhairleacha na dearthaí le haghaidh atógála, agus rinne comhairligh faofa an Choimisinéara Sábháilteachta Iarnróid féin faomhadh agus measúnú orthu.

D'eisigh an Coimisinéir Sábháilteachta Iarnróid údarás d'oibríochtaí traenach paisinéara thar tarbhealach athchóirithe Mhullach Íde ar an Aoine 13ú Samhain 2009 agus d'oibríocht seirbhísí comaitéireachta thuaidh agus seirbhísí Fiontair trasteorann mar a bhí beartaithe ar an Luan 16ú Samhain 2009.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

Éilíonn deimhniú an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid (RSC) go ndéanfadh Iarnród Éireann monatóireacht ar aon ghluaiseacht sna céanna agus tá braiteoir leictreonach suiteáilte chun é sin a dhéanamh. Éilíonn an teastas chomh maith go ndéanfadh Iarnród Éireann scrúdú ar an gcora ag gach lag trá go dtí go gcomhlíonfar an plean chun fad na cora a leathnú. Maireann an deimhniú seo ar feadh sé mhí agus cuirfear deimhniú buan ina ionad in am trátha nuair a chuirfear síneadh na cora i gcrích.

## Iniúchtaí Droichid Eile

Tá clár speisialta ar iniúchtaí mionsonraithe struchtúracha agus faoi uisce ar na droichid uile thar uisce ar ghréasán Iarnród Éireann, a bhfuil so-ghabháltacht sciúrtha aitheanta acu, comhlíonta go substaintiúil.

## Cobhsaíocht Claífort agus Gearrthóg

Tar éis an sciorrtha talún i gCúil an tSúdaire i mí Lúnasa 2008 a chur traen IdirChathrach ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh de na ráillí, tá Iarnród Éireann ag déanamh monatóireachta cúramaí ar chlaífoirt agus gearrthóga trasna an líonra le haghaidh aon chomharthaí de sciorrthaí nó turnaimh agus ag cur bearta coisctheacha i bhfeidhm dá réir.

Le linn na seachtaine dar críoch 14ú Samhain 2009, d'aithin foireann innealtóir sibhialta na roinne stráice claífoirt ar líne Bhaile Átha Cliath-Ros Láir i mbaol turnaimh, ó dheas ón Inbhear Mór, tar éis tréimhse báistí throm. D'fhonn gníomhú láithreach chun an claífort a dhaingniú agus a neartú, dúnadh líne Ros Láir idir an tInbhear Mór agus Guaire go sealadach.

Ansin, ar an Luan 16ú Samhain 2009, le linn breis báistí duartanaigh, tharla sciorradh talún i ngearrthóg díreach ó dheas ón Inbhear Mór ar an líne chéanna. Cuireadh seirbhís chomaitéireachta stoic folamh den ráille ag pointe an sciorrtha. Críochnaíodh an obair ag an dá láithreán agus athosclaíodh an líne ar an Domhnach 30ú Samhain 2009.

Níos luaithe sa bhliain, chruthaigh báisteach throm an gheimhridh roimhe sin fadhbanna chomh maith. Ar an 2ú Feabhra 2009, tharla maidhm charraigh ollmhór ag Ceann Bhré idir Bré agus na Clocha Liatha. Chuir líon carraige a cuireadh suas le blianta beaga anuas mar chuid de chlár oibre cosanta cósta d'Iarnród Éireann cosc le cuid mhór carraige scaoilte titim anuas ar an rian ón aill os cionn na líne iarnróid. Mar sin féin d'fhonn an charraig a ghlanadh go sábháilte agus an limistéir buailte an fháil aille a dhéanamh sábháilte agus an líontán sreinge cosanta ar an aill a athshuíomh, bhí ar an líne ó Bhré go dtí na Clocha Liatha fanacht dúnta do gach seirbhís ón 2ú Feabhra 2009 go dtí an 19ú Feabhra 2009.

An dara eachtra a tharla ar an 4ú Feabhra 2009, ar líne Bhaile Átha Cliath go Ros Láir chomh maith, ba ea sciorradh claífoirt in aice leis an Inbhear Mór. Bhain an t-eachtra seo go háirithe le comhthéacs na sábháilteachta toisc gur tharla sé ag ceann de na suímh a bhí á mhonatóiriú go speisialta ag foireann an Phríomh-Innealtóra Shibhialta mar thoradh ar bhearta a tógadh tar éis sciorrtha talún Chúil an tSúdaire i mí Lúnasa 2008. Chinntigh an mhonatóireacht speisialta gur tugadh réamhrabhadh de bhaol an sciorrtha agus laghdaíodh seirbhísí idir an tInbhear Mór agus Guaire ón 4ú go dtí an 15ú Feabhra 2009 le haghaidh oibreacha riachtanacha chun an claífort a athshuíomh agus a dhéanamh sábháilte.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Laghdaigh traenacha Díosail Idirchathracha agus Comaitéireachta an méid breosla a úsáideann siad faoi 6% trí sceidil níos éifeachtaí agus múchadh traenach uathoibríoch ar shroicheadh an chinn scríbe dóibh. Ina theannta sin, laghdaíodh costais fuinnimh an Dart faoi 40% trí chonradh leictreachais na cuideachta a ath-idirbheartú agus de bharr teicneolaíochta nua a cheadaíonn do thraenacha feidhmiú le riachtanas fuinnimh níos lú

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

### Athbhreithniú ar phríomh-tháscairí sábháilteachta 2009

Rinneadh dul chun cinn an-suntasach i mórán de na príomh-phleananna gníomhaíochta sábháilteachta i rith na bliana 2009 agus léirigh torthaí deireadh na bliana dul chun cinn á chothabháil sna eochairtháscairí le haghaidh Comharthaí Rabhaidh Sáraithe (SPAD), crosairí comhréidh, dóiteáin, traenacha á chur de na ráillí agus imbhuailtí, chomh maith le feithiclí bóithre ag tuairteáil in aghaidh droichid agus leithlisithe de chuid Córais Rabhaidh Uathoibríoch Leanúnaigh (CAWS). Baineadh amach laghdaithe suntasacha chomh maith i leith tionóiscí pearsanta d'fhostaithe.

An t-aon táscaire sábháilteachta amháin a léirigh meath sa bhliain 2009 ná timpistí le hainmhithe feirme agus déanfaidh an fhoireann innealtóireachta sibhialta iarrachtaí níos fearr in 2010 maidir le fálú ar thaobh na líne chun an baol a mhaolú.

### Eachtraí eile

Chuir eachtraí tríú páirtí isteach ar sheirbhísí; tharla an t-eachtra is tromchúisí de bharr damáiste a rinne trucail le hardaitheoir a bhí ardaithe. Tharla an t-eachtra sin ar an 30ú Nollaig 2009 ag Geata Mhuirfean ar líne Bhaile Átha Cliath go Ros Láir agus rinneadh damáiste trom don trealamh leictreachais líne go léir lastuas ar feadh 800 méadair tar éis do thrucail nár stop é a tharraingt agus a shíneadh. Rinneadh na deisiúcháin i ndálaí drochaimsire crua agus cuireadh isteach ar an seirbhís ar feadh dhá lá. Rinneadh iniúchadh mionsonraithe ar an limistéir agus beidh gá amach anseo dhá fhad teannais iomlán cáblaithe (1750m an ceann) a athsholáthar.

## Feidhmíocht agus seirbhís chustaiméara

### Conradh Seirbhíse Poiblí

Chuaigh Iarnród Éireann i mbun Conartha Seirbhíse Poiblí (PSC) foirmiúil leis an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA) nua-fhoirmithe ar an 1ú Nollaig, 2009. Cruthaíodh an conradh seo in ionad an Mheabhráin Tuisceana leis an Roinn Iompair roimhe sin.

Leagann an PSC amach leibhéal na seirbhísí le cur i gcrích ag Iarnród Éireann i gcomaoin fóirdheontais. Braitheann 10% den fhóirdheontas ar bhaint amach spriocanna feidhmíochta. Tá roinnt clásal force majeure sa chonradh ionas nach n-áireofar moilleanna a tharlaíonn de bharr eachtraí nach bhfuil neart ag Iarnród Éireann orthu cosúil le sceimhlitheoireacht agus dálaí drochaimsire foircní.

### Poncúlacht traenach paisinéirí 2009

Léirítear na torthaí iomlána do phoncúlacht traenach paisinéirí anseo thíos.

Cé gur chuir dálaí drochaimsire isteach ar thorthaí míosúla aonair na dtréimhsí déanacha sa bhliain, agus gur chuir srianta luais sealadacha isteach ar sheirbhísí IdirChathrach, léiríonn torthaí iomlána don 13 tréimhse dar críoch 31ú Nollaig 2009 cur i gcrích sprice ar fhormhór na mbealaí.

**Figiúr 4 Poncúlacht 2009**

| Seirbhísí IdirChathrach in am nó i ngiorracht 10 nóiméad den sceideal | | |
|---|---|---|
| **Bealach** | **% Sprioc** | **Toradh %** |
| Port Láirge | 90 | 96.3 |
| Ros Láir | 90 | 94.8 |
| Gaillimh | 90 | 93.9 |
| Béal Feirste | 90 | 92.1 |
| Trá Lí | 90 | 91.2 |
| Luimneach | 90 | 91 |
| Cathair na Mart | 90 | 90.8 |
| Sligeach | 90 | 89.2 |
| Corcaigh | 90 | 86.9 |

| Seirbhísí comaitéara agus DART in am nó i ngiorracht 5 nóiméad den sceideal | | |
|---|---|---|
| **Bealach** | **% Sprioc** | **Toradh %** |
| An Tuaisceart | 90 | 93.9 |
| Má Nuad | 90 | 90.6 |
| Cill Dara | 90 | 89.7 |
| DART | 87 | 89.9 |

In ainneoin ardleibhéal an ghnóthaithe sprice trasna an ghréasáin, bhí an fheidhmíocht is measa ar sheirbhísí idirChathracha Bhaile Átha Cliath-Corcaigh le meán deireadh na bliana 2009 ag titim 3.1% faoi bhun na sprice. Ní féidir glacadh leis seo nuair a thugtar aird ar thábhacht bhealach Chorcaí don ghnó idirChatrach agus léiríonn an toradh tionchar srianta luais na hinnealtóireachta sibhialta ar an bpríomhlíne i rith na bliana 2009.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

Tá plean gníomhaíochta ullmhaithe ag Iarnród Éireann chun dul i ngleic go rianúil le srianta luais agus iad a bhaint d'fhonn oibríochtaí príomhlíne poncúla a athbhunú. Tá baint an sriain luais buan 75 míle san uair thar an 25 míle de bhóthar idir an Droichead Nua agus Port Laoise a cuireadh i bhfeidhm i Márta 2009 ríthábhachtach chun an plean seo a chur i gcrích. Tá 19 míle den srian sin bainte go dtí seo.

Is iad seo a leanas roinnt de na tosca gur cúis go ginearálta le feabhsuithe foriomlána i bhfeidhmíocht: - réimeanna cothabhála pleanáilte do Chomhartha Leictreach agus Theileachumarsáide (SET) a bhfuil níos lú lochtanna ina gcailltear ama, úsáid foirne fabhtlorgtha idir-rannaigh, leathnú amach flít ICR níos iontaofa agus céimniú amach sean-rothstoic mar thoradh orthu.

### Seirbhísí malartacha le linn dúnadh na Líne Thuaidh

Le linn dúnadh trí mhí na Líne Thuaidh ag inbhear an Mhóinéir Leithe i Mullach Íde, cuireadh sraith bhearta i bhfeidhm chun freastal ar phaisinéirí. Ina measc seo bhí aistriú bus do phaisinéirí Fiontair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste idir Droichead Átha agus stáisiún Uí Chonghaile. Cuireadh aistrithe bus ar fáil chomh maith do chomaitéirí ag na stáisiúin feadh an bhealaigh. D'fheidhmigh seirbhísí tointeála ráilchairr idir Droichead Átha agus Baile Brigín. Glacadh le ticéid iarnróid ar sheirbhísí de chuid Bus Átha Cliath agus Bus Éireann.

Chuir dúnadh na líne isteach ar sheirbhísí lastais chomh maith agus caitheadh trácht Mhianaigh na Teamhrach a iompar de bhóthar idir An Uaimh agus Calafort Bhaile Átha Cliath.

As radharc, cuireadh isteach ar réimeanna cothabhála chomh maith toisc go raibh íosta na dTraenacha Díosail Ilaonad (DMU) i nDroichead Átha scoite ón gcuid eile den ghréasán. Cuireadh áiseanna cothabhála sealadacha ar fáil ag stáisiún Uí Chonghaile agus thaisteal fostaithe ó Dhroichead Átha chun traenacha a chothabháil ann.

### Bristeacha seirbhíse eile

Bhí líne Inis dúnta ar an 26 Samhain 2009 go dtí Eanáir 2010, de bharr tuilte tromchúiseacha i mBaile an Chathraigh. Tá clár oibreacha á chur le chéile faoi láthair in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an baol seo a laghdú amach anseo.

## Ticéadú agus cumarsáid le custaiméirí

### Cárta Cliste Comaitéara/DART

Tá scéim an chárta cliste eatramhach, mar réamhtheachtaí do thicéadú comhtháite, ag dul chun cinn. Tá na crua-earraí fisiciúla go léir suiteáilte agus táthar i mbun trialacha beo chun tástáil a dhéanamh ar na bogearraí le líon teoranta sealbhóirí cárta.

Is gné den chóras é 'sparán' leictreonach le haghaidh íocaíochta táille agus cuirfear é in ionad na gcártaí maighnéadacha a úsáidtear faoi láthair do shealbhóirí ticéid séasúir TaxSaver bliantúla agus míosúla chomh maith. Beidh Cártaí Cliste ar fáil trí mheaisíní díola ticéid uathoibríocha nó le hordú ar líne. Déileálfaidh deasc chabhrach leis na hiarratais uile ar líne nó ar an nguthán.

D'fhonn custaiméirí a mhealladh chun Cárta Cliste a úsáid, tá sé beartaithe difreálach a fhorbairt le himeacht ama idir táillí an Chárta Cliste agus costas na ngnáth-thicéad a cheannaítear ó oifigí ticéid nó meaisíní ticéid.



# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

### Feachtas Fógraíochta an tSamhraidh

Eagraíodh feachtas samhraidh, lena n-áirítear preas áitiúil, raidió náisiúnta agus fógra teilifíse nua, chun na buntáistí a bhaineann le hiompar iarnróid IdirChathraigh agus na táillí ísle atá ar fáil a chur i gcuimhne do chustaiméirí féideartha.

Eagraíodh promóisin le táillí €10 ar raon seirbhísí IdirChathracha, praghsáil fógraíochta chun toilleadh comaitéara seachbhuaice a líonadh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath; cuireadh taisteal d'iarnród go heachtra spórtúil/siamsaíochta chun cinn; cuireadh scéim an Chárta Cliste do chomaitéirí iarnróid chun cinn sa bhreis agus chuir comóradh 25 bliana an DART i mí Iúil 2009 bonn ar fáil chun na buntáistí a bhaineann le taisteal ar an DART a chur i gcuimhne don chathair.

### Díolacháin agus áirithintí gréasáin

Tá céatadán na ndíolachán idirlín ag fás i gcónaí agus in 2009, b'ionann an ioncam bliantúil do dhíolacháin idirlín agus €22.3m, méadú 34%.

### TaxSaver

B'ionann díolachán ticéid TaxSaver don bhliain 2009 agus €20.3m, méadú €653k bliain i ndiaidh bliana. Chuir €254k d'aisíocaíochtaí ó phaisinéirí a raibh tionchar ag Tarbhealach Mhullach Íde orthu isteach ar an bhfigiúr seo.

### Úsáid na meán Sóisialta

Moladh Iarnród Éireann as an úsáid a bhaineann sé as na meáin Sóisialta, lena n-áirítear Facebook agus Twitter, mar mhodh chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí.



Léirigh Twitter gur uirlis an-úsáideach é chun custaiméirí a choimeád suas chun dáta maidir le athruithe fíorama na seirbhísí Mar uirlis mhargaíochta, tá úsáid bainte as chun seirbhísí lascainithe speisialta a chur chun cinn ag úsáid cód lascaine.

## Feabhsuithe bonneagair

### Clár Sábháilteachta Iarnróid

Dhírigh an Clár Sábháilteachta Iarnróid ar dhroch-shócmhainní a athsholáthar, cleachtais oibre a bhaineann le sábháilteacht a fheabhsú agus forbairt leanúnach ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) corparáidí.

Go luath i mí Iúil 2009, d'aithin an tAire Iompair Tuarascáil an Tascfhórsa go foirmiúil agus d'fhaomh sé cur i bhfeidhm an tríú Chláir Sábháilteachta Iarnróid 2009-2013.

Sháraigh clár na bliana 2009 a chuid spriocanna i bhformhór na réimsí. San iarnród críochnaithe áirítear: athleagadh 16.5 míle nua agus 10.2 míle dara láimhe; rinneadh 2.6 míle breise de ghlanadh ballasta; athsholáthraíodh 28 críochphointe; rinneadh athnuachan ar 62 alt gliú; agus athsholáthraíodh 60 míle d'fhálú. Rinneadh cobhsú claífoirt ar fhormhór na línte ar an ngréasán.

Rinneadh oibreacha comharthaíochta chun crosairí comhréidh a uasghrádú go crosairí faoi lán rialú TCI. Tá clár suntasach d'oibreacha athnuachana curtha i gcrích ar an gcóras líne lastuas i réimse an DART.

Leanadh leis an gclár crosaire comhréidh in 2009. Dúnadh 32 crosaire comhréidh (gan Conair Iarnróid an Iarthair san áireamh) i rith na bliana.

Tá dul chun cinn maith á bhaint amach ar ghnéithe uile an chórais bhainistíochta sábháilteachta.

- Tá iniúchtaí agus imscrúduithe ag dul ar aghaidh faoi mar a beartaíodh. Tá 15 caighdeán Iarnróid á tháirgeadh.
- Tá conradh dréachtaithe chun an tionscadal bainistíochta inniúlachta a chur ar aghaidh.
- Tá painéal tiomanta curtha ar bun chun bunachar sonraí comhtháite Taifeadadh Teagmhais a fhorbairt.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

- D'ionchorpraigh reáchtáil na Samhla Riosca uile-Ghréasáin sa bhliain 2009 Samhail Riosca an Chrosaire Chomhréidh.
- Oiliúint Speisialta Oibríochtaí: Tá cláir forbartha sna réimsí cumarsáide, fachtóirí daonna agus coinníollacha díghrádaithe agus táthar á seachadadh anois. Tá an clár cumarsáide beagnach curtha i gcrích. Tá SPAD agus grúpaí fócais siúntóra ag leanúint ar aghaidh.
- Ionsamhlóir Comharthaíochta: Fuarthas tairiscintí ó roinnt cuideachtaí agus tá measúnú á dhéanamh orthu.

### Droichead Dhroim ar Shnámh

Athsholáthraíodh réisí Dhroichead Dhroim ar Shnámh trasna na Sionainne agus osclaíodh an droichead athchóirithe tar éis dúnadh sé lá i mí na Samhna 2009. Bhí dian-srian luais 10 míle san uair i bhfeidhm ar an droichead ar feadh mórán blianta. Tá an droichead nua deartha le haghaidh luais líne 75 míle san uair.

## Uasghrádú bonneagair

### Tionscadal Bealaigh Chill Dara

Críochnaíodh an chomharthaíocht KRP i mí na Nollag 2009 le coimisiúnú na línte malla, agus an toradh a bhí air seo ná a bheith in ann an limistéir ó Acomhal Bhaile na Silíní go hInse Chór a rialú ag baint úsáide as comhghlasáil soladstaide suite i Heuston.

I ndiaidh coimisiúnú deiridh rathúil na comharthaíochta ar an 14ú Nollaig, 2009, tá iarnród 4-rian Tionscadail Bealaigh Chill Dara ag feidhmiú go hiomlán anois. Críochnaíodh Stáisiúin Ghort na Silíní, na Ciseoige agus Chluain Dolcáin, Chnoc an Fhuaráin agus tógadh ceithre dhroichead mótair agus trí dhroichead coisithe chomh maith.

Toisc go bhféadfar an tseirbhís traenach sceidealaithe reatha a fheidhmiú thar dhá rian, tógfar an deis anois na rianta príomhlíne bunaidh a athnuachan idir Gort na Silíní agus Collchoil agus na seirbhísí a fheidhmiú go sealadach ar an dá rian nua tríd an limistéar fad is atá sé sin á dhéanamh.

### Conair Iarnróid an Iarthair

Cuireadh an tionscadal chun an chuid den líne ó Inis go Baile Átha an Rí a ath-oscailt i gcrích i mí na Samhna 2009. Athleagadh 36 míle d'iarnród, dúnadh 102 crosaire comhréidh (7 droichead crosaire comhréidh agus 8 gcrosaire comhréidh TCI tógtha) agus, rinneadh athnuachan ar 9 droichead eile. Tógadh 4 stáisiún. Críochnaíodh comharthaíocht na Líne ó Luimneach go Gaillimh i mí na Nollag tar éis an chuid ó Luimneach go hInis a choimisiúnú.

Cuireadh tús le hoiliúint na dtiománaithe ar an 16ú Samhain. Mar sin féin, chuir drochthuilte, go háirithe i gceantair an Ghoirt agus ar an líne idir Inis agus Luimneach chomh maith, cosc ar aon oibríochtaí leanúint ar aghaidh. Tar éis d'uiscí tuilte an Ghoirt trá, chuathas i mbun oibreacha deisiúcháin agus tá tús curtha le hoiliúint na dtiománaithe idir Inis agus Baile Átha an Rí arís. Tá an tseirbhís le tosú ag deireadh an Mhárta, 2010

### Éicéifeachtúlacht

Feidhmíonn na traenacha seo den chéad scoth i bhfad níos fearr agus tá siad feistithe leis an inneall Powerpack MTU nua, an t-inneall traenach is éifeachtaí ar domhan ó thaobh fuinnimh de.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

## Líne Dhún Búinne

Táthar ag leanúint le leagan rianta, oibreacha stáisiúin agus carrchlóis ar líne nua Dhún Búinne. Tá an tionscadal fós ar an sprioc ionas go bhféadfaí tús a chur le seirbhísí comaitéara ó stáisiún M3 Bhealach na Páirce i mí Mheán Fómhair 2010, le stáisiúin idirmheánacha i bPáirc Hans agus i nDún Búinne.

## Seirbhís Chomaitéara Chorcaí

Osclaíodh an Gleanntáin/Mainistir na Corann le haghaidh seirbhíse i mí Iúil 2009 le 9 míle de rian leagtha, 2 stáisiún críochnaithe, 9 gcrosaire comhréidh dúnta agus 3 chrosaire comhréidh uathoibrithe. Osclaíodh droichead nua bhóthar Ghleann Maghair, chun dúnadh crosaire comhréidh Chnoc na Coille a éascú, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair, 2009.

## Oibreacha eile

- Críochnaíodh oibreacha inrochtaineachta ag 12 stáisiún.
- Cuireadh 1,360 áit páirceála (i 10 láthair) le líon na gcarrchlós in 2009.
- Suiteáladh meaisíní Bailíochtaithe Ticéid i 4 stáisiún (lena n-áirítear Heuston agus Bré) i rith na bliana.
- Críochnaíodh athsholáthar linkspan Beart 2 Ros Láir agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán.



## Céim Forfheidhmithe - Athchomharthaíochta Lár na Cathrach

Tá suiteáil comhlíonta go substaintiúil ar bhrainse Bhinn Éadair. Tá suiteáil bealaigh cábla agus tógáil struchtúir tacaíochta le haghaidh comharthaí agus cásanna suímh ag leanúint ar aghaidh ar an bpríomhlíne idir Acomhal Bhinn Éadair agus Stáisiún Chluain Ghrífín. Tá tógáil foirgneamh SET críochnaithe in 8 stáisiún DART.

## Uathoibriú Crosaire Comhréidh

Rinne clár uathoibrithe chun monatóireacht cianda a dhéanamh ar chrosairí bóthair dul chun cinn i rith na bliana 2009. Tá 59 crosaire á mhonatóiriú go dtí seo ag lárionaid Mhala agus Bhéal Átha Luain agus meastar go méadóidh an uimhir seo go 75 ag deireadh na bliana 2010.

## Rothstoc

Glacadh leis na ráilchairr IdirChathracha uile a bhí fágtha isteach sa tseirbhís nuair a tugadh sraith 45 (an 6-charr ard-dlúis deireanach) isteach sa tseirbhís i mí na Samhna. Tá sraitheanna de naoi 3-charr is fiche agus cúig 6-charr déag i seirbhís anois agus tá athsholáthairtí le haghaidh sraitheanna 10 agus 11, damáistithe ar an bhfarraige le linn seachadta, le teacht in 2010. Cuirfear tús le táirgeadh d'ordú na 51 feithicle in Aibreán 2010 le seachadtaí beartaithe don bhliain 2011.

Tá feabhas suntasach tagtha ar iontaofacht na bhflíteanna rothstoic le dhá bhliain anuas agus tá líon na dteagmhais is cúis le moill laghdaithe faoi níos mó ná leath. Thacaigh iontaofacht feabhsaithe rothstoic go díreach le hiontaofacht feabhsaithe seirbhísí.

Tá réiteach ar roinnt ceisteanna córais agus comhpháirteanna maidir le tionscadal athchóirithe Aicme 8100 an DART curtha i gcrích. Go háirithe, suiteáladh urláir Aicme 1800 go dona le linn an tionscadail athchóirithe bunaidh agus táthar á ath-fheistiú faoi bharánta.

Táthar ag dul sa tóir faoi na conarthaí ar dhéantóirí (CAF sa Spáinn) na gcarráistí MkIV ag feidhmiú ar bhealach Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus ar na seirbhísí comaitéara oibriúcháin Aicme 29000 DMU go Baile Átha Cliath chun easpaí teicniúla atá ar eolas a bhaineann lena gcuid táirgí a cheartú. Cuirfidh réiteach ar na ceisteanna seo feabhas ar iontaofacht agus compord paisinéirí.

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

Tá feabhsuithe suntasacha i dtáirgiúlacht agus rialú oibriúcháin na gCeardlanna agus na nIostaí Innealtóireachta Meicniúla bainte amach le trí bliana anuas.

## DART Faoi Thalamh

Is é Idirnascaire Faoi Thalamh an DART an rannpháirtí aonair is mó a chuireann le feabhsú toillte i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tá an dearadh mionsonraithe comhlíonta go substaintiúil agus tá tagairt mhaoine de réir sceidil d'fhonn Ordú Iarnróid a chur faoi bhráid in 2010.

Tá plé ag leanúint ar aghaidh leis na mórgheallsealbhóirí lena n-áirítear Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnróid, an Roinn Iompair, an Roinn Airgeadais, NDFA, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig na nOibreacha Poiblí agus gabhálaithe maoine móra. Chuathas i mbun comhairliúcháin bhreise le grúpaí cónaitheoirí, an pobal i gcoitinne agus mórgheallsealbhóirí.

Tá ceisteanna a gcaithfear a réiteach roimh iarratas an Ordaithe Iarnróid léirithe ag próiseas comhairliúcháin réamh-iarratais an Bhoird Phleanála.

Tá an chéad dréacht den chás gnó curtha i gcrích.

Seoladh an Fógra Táscach Tréimhsiúil (PIN) don CPP le heisiúint chuig Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) ar an 4ú Feabhra, 2010.

Tá buiséad Céime 3 an Tionscadail de réir sprice.

Tá Céim 4 an Tionscadail, costas tógála agus athbhreithniú cláir á thabhairt chun críche. Is é 5.5 bliana an t-am measta le haghaidh tógála, chomh maith le bliain amháin chun tástáil agus coimisiúnú a dhéanamh. Toisc gur meastar go gcríochnóidh an conradh CPP faoi Iúil 2010, táthar ag súil go gcuirfí tús le seirbhísí do phaisinéirí ag deireadh na Nollag 2018.

## Barainneacht breosla agus an comhshaol


Le roinnt blianta anuas, tá an-bhéim leagtha ag Iarnród Éireann ar bharainneacht breosla agus tá tús curtha le roinnt bearta chun an úsáid a bhainimid as breosla a laghdú, lena n-áirítear:

- Laghdú ar agaí díomhaoine an innill;
- Laghdú ar achair traenach chun toilleadh a chur in oiriúint níos fearr le héileamh;
- Laghdú ar voltas soláthair cumhachta an DART;
- Leathnú athghiniúna ar Thraenacha Leictreacha Ilaonaid le linn coscánaithe;
- Laghdú ar ídiú fuinnimh le linn uaireanta seachbhuaice.



# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ 2009 (AR LEANÚINT)

**Figiúr 5 Leictreachas DART ídithe**




Tá laghdú coibhéiseach ar ídiú breosla de 8.3% agus laghdú coibhéiseach ar ídiú leictreachais de 24.0% seachadta ag na bearta seo.

Go fadtéarmach, meastar gurb é leictriúchán an fhoinse cumhachta is éifeachtaí, is iontaofa agus is glaine don iarnród. Leis an DART Faoi Thalamh curtha i gcrích, tá sé beartaithe go ndéanfar leictriúchán ar bhealaí comaitéara cóngaracha in am trátha.

## Ionchas do 2010

Beidh an t-ionchas Airgeadais don bhliain 2010 dúshlánach arís. Meastar go dtitfidh ioncam paisinéirí faoi 5% ar a laghad ar an mbliain 2009. Gearrfar fóirdheontas faoi €15.2m, agus beidh meánráta laghdaithe carnach de 7.3% thar an tréimhse 2007-2010 mar thoradh ar seo. Tá tuilleadh ciorruithe aitheanta i gcaiteachas chun caillteanais a laghdú, ach in ainneoin sin meastar go dtabhóidh Iarnród Éireann caillteanais oibriúcháin arís sa bhliain 2010.

Ar bhonn níos dearfaí, leanfar le forbairt ar an iarnród in 2010, de bharr na tacaíochta a thugann an Státchiste do Chlár Infheistíochta Caipitil Iompair 21 le haghaidh iarnróid:

- Cuirfear tús le seirbhísí ar sheirbhís Luimneach go Gaillimh agus ar líne Dhún Búinne.
- Iarratas Ordaithe Iarnróid an DART Faoi Thalamh le cur faoi bráid
- Athchomharthaíocht i limistéar an DART le leanúint ar aghaidh
- Pleananna le haghaidh na céime Ordaithe Iarnróid le forbairt i leith: An Bealach – An Uaimh, 4-rian Chill Dara chuig nasc ceangailte an DART faoi thalamh, leictriúchán líne Mhaigh Nuad agus na líne Thuaidh
- Oibreacha athnuachana riachtanacha ar líne Bhaile Átha Cliath go Corcaigh le leanúint ar aghaidh.

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

## Stiúrthóirí ag 1 Aibreán 2010

| | |
|---|---|
| **An Cathaoirleach** | An Dr. J.J. Lynch |
| **Na Stiúrthóirí** | L. Baker Uasal,<br>An tUasal M. Cullen,<br>An tUasal P. Gaffney,<br>An tUasal M. Giblin,<br>An tUasal J. Moloney,<br>An tUasal L. O'Neill<br>An tUasal C. Perry,<br>D. Smyth Uasal. |
| **An Príomhfheidhmeannach** | An tUasal A. R. Fearn |
| **An Rúnaí** | G. Finucane Uasal |
| **Oifig Chláraithe** | Stáisiún Uí Chonghaile,<br>Baile Átha Cliath 1. |
| **Teileafón** | +353 1 836 3333 |
| **Facsimile** | +353 1 836 4760 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.irishrail.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119571 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers,<br>Cuntasóirí Cairte agus<br>Iniúchóirí Cláraithe<br>hAon Dug Spencer,<br>Cé an Phoirt Thuaidh,<br>Baile Átha Cliath 1. |

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta seirbhísí paisinéirí iarnróid Idircathrach agus Comaitéara, seirbhísí lastais a chur ar fáil agus Europort Ros Láir a bhainistiú.

Tá 100% de scairchaipiteal eisithe na cuideachta i seilbh Chóras Iompair Éireann, ar comhlacht reachtúil é atá faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn chuig an Aire Iompair.

Thaifead an chuideachta easnamh €4.0m roimh muirear do mhír eisceachtúil de €28m le haghaidh costas athstruchtúraithe a bhaineann leis an mbonn costais a chuíchóiriú. B'ionann easnamh iomlán na bliana agus €32.0m

Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, tháinig laghdú 5.9m ar thurais phaisinéara ó 44.7m in 2008 go 38.8m in 2009, a léiríonn laghdú 13% ar líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana. Laghdaigh sé seo an t-ioncam iomlán go €197.6m ar ionann é agus laghdú €23.9m ar leibhéil na bliana 2008.

Méadaíodh scairchaipiteal eisithe na cuideachta faoi 52 milliún scair, €66M. Eisíodh na scaireanna seo chuig CIÉ agus íocadh astu trí iasacht idirchuideachta a fuarthas nuair a bunaíodh an chuideachta a laghdú go comhréireach

Bhí méid iomlán an fhóirdheontais €20.6m níos lú sa bhliain 2009 ná mar a bhí in 2008 agus b'ionann íocaíocht na hoibleagáide seirbhíse poiblí agus €170.6 milliún i gcomparáid le €181.2 milliún in 2008. Ní raibh aon fóirdheontas CIE ann in 2009 i gcomparáid le €10m in 2008.

Bhí iomlán an fhóirdheontais, arb ionann é sa bhliain 2009 agus €20.6 milliún, níos ísle ná 2008 agus b'ionann íocaíocht dualgais seirbhíse poiblí agus €170.6 milliún i gcomparáid leis an €181.2 milliún a bhí ann i 2008.

Lean an chuideachta ar aghaidh, mar a rinne go rathúil le roinnt blianta anuas, ag díriú go mór ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtacht a seirbhísí dá custaiméirí. Sa mhonatóireacht ar fheidhmíocht na cuideachta déanann an bhainistíocht, na stiúrthóirí agus an Roinn Iompair athbhreithniú rialta ar phríomhtháscairí feidhmíochta na cuideachta. Bíonn íoc ina iomláine ar an dualgas seirbhíse poiblí ag brath ar na targaidí a shroicheadh ar aontaíodh iad go bliantúil idir an chuideachta agus an Roinn Iompair. Tá áthas ar na stiúrthóirí a thuairisciú go bhfuair an chuideachta íocaíocht iomlán an dualgais seirbhíse poiblí toisc gur baineadh amach go sásúil na targaidí i 2009.

Lean an chuideachta ag infheistiú i stoc rollta agus i dtionscadail infrastruchtúir le linn 2009.

Rinneadh mór dhul chun cinn in eochair thionscadail Iompar 21, iad seo a leanas san áireamh

- Bealach Iarnród Iartharach Pas 1
- Tionscadail Ród Chill Dara
- Líne Corcaigh – Mainistir na Corann
- Inrochtanacht stáisiún níos fearr áiseanna carr chlós custaiméara feabhsaithe san áireamh
- Clár Sábhailteacht agus Athnuachain

Tá athbhreithniú mionsonraithe de ghníomhaíocht na cuideachta don bhliain ar fáil in Athbhreithniú na nOibríochtaí.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2009 leagtha amach go mion ar leathanaigh 22 go 46. Léiríonn na torthaí don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2009 easnamh €4.0m roimh míreanna eisceachtúla agus easnamh foriomlán €32.0m (2008– easnamh €0.15m agus €19.1m)

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

## Bainistiú riosca

Tá an chuideachta tiomanta do riosca a bhainistiú ar bhealach córasach agus smachtaithe. Trí phróiseas um bhainistíocht riosca uile-fhiontraíochta, aithnítear na príomh-rioscaí atá os comhair na cuideachta agus forbraítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí a mhaolú. Is príomh-thosaíocht í sábháilteacht an iarnróid don chuideachta i gcónaí agus léirítear é seo sa chlár riosca. I measc na rioscaí is tromchúisí tá: mór-theagmhais oibriúcháin, gníomhuithe sceimhlitheoireachta, caillteanas cumarsáide oibriúcháin agus teip seasmhach ar ionchais chustaiméirí agus gheallsealbhóirí eile a chomhlíonadh.

## An Bord

Rialaítear an chuideachta trína bhord stúirthóirí. Is iad príomhrólanna an bhoird na cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a cheadú agus oibriú na cuideachta a athbhreithniú i dteannta réimse príomh tháscairí feidhmiúcháin.

## Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Is tosaíocht do stúirthóirí Iarnród Éireann é ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá a pholasaí rialachais chorparáidigh forbartha ag an mbord le go dtabharfar éifeacht don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Leanann Iarnród Éireann ag forbairt caidrimh fostaithe/bainistíochta/ceardchumainn láidir bunaithe ar mhúnla comhpháirtíochta gníomhaigh.

Cuireann beartas na cuideachta comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht fostaithe chun cinn mar mhodh chun feidhmíocht na cuideachta a fheabhsú, go háirithe trí dhearcaí dearfacha a chothú agus an timpeallacht oibre fisiciúil a fheabhsú. Lorgaítear agus spreagtar moltaí na bhfostaithe go gníomhach maidir le bearta feabhsaithe gnó.

Déileáiltear le hábhair difríochta trí phróisis inmheánacha aontaithe chomh fada le agus ag áireamh fóram eadrána inmheánaigh ar a ndéantar cathaoirleacht go neamhspleách.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Iarnród Éireann tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna le haghaidh fostaithe uile agus fostaithe féideartha na cuideachta.

Bíonn an chuideachta de shíor ag iarraidh timpeallacht agus cultúr oibre dearfach a sholáthar/a fhorbairt ina bhfuil na fostaithe uile in ann páirt a ghlacadh go barr a gcumais agus ina spreagtar iad a gcumas iomlán a bhaint amach agus ina bhfuil meas orthu de bharr a gcuid ranníocaíochtaí éagsúla.

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar a chuid beartas agus nós imeachta i rith na bliana 2009 agus rinneadh nuashonrú agus atheisiúint ar roinnt tionscnamh cothromaíochta oibre is saol i gcaitheamh na bliana.

Trínár bhfoireann Chomhionannais, thug Iarnród Éireann tacaíocht don Institiúid Náisiúnta um Mhíchumas Intleachta (NIID) i gColáiste na Tríonóide chun cuimsiú daoine faoi míchumas intleachta agus a muintir a spreagadh. Chuir an chuideachta, trí chomhpháirtíocht ghnó NIID, deiseanna ar fáil do roinnt mac léinn atá i mbun an chúrsa Certificate in Contemporary Living, clár oideachais cuimsitheach do mhic léinn faoi míchumais intleachta.

In 2009 ghlac Iarnród Éireann páirt i réamh-chéimeanna Dámhachtainí Cumais O2 [O2 Ability Awards] don bhliain 2010. Is dámhachtainí gnó iad na Dámhachtainí Cumais le haghaidh Dea-chleachtais i leith daoine faoi mhíchumais a chuimsiú, mar chustaiméirí agus mar fhostaithe araon. D'éirigh leis an gcuideachta sna réamh-chéimeanna agus glacfaidh sí páirt i gcéimeanna deiridh an chláir dámhachtana sa bhliain 2010.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Iarnród Éireann tiomanta do leas a chuid fostaithe a chinntiú trí ionad oibre sábháilte a choimeád agus trí chloí leis an reachtaíocht uile maidir le fostaithe, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

Tacaíodh le córas bainistíochta sábháilteachta Iarnród Éireann trí líon suntasach laethanta oiliúna na foirne a sholáthar chun a chinntiú go bhfuil fostaithe ar an eolas maidir leis na scileanna sábháilteachta, teicniúla agus gairmiúla ar fad atá riachtanach.

Leanann an chuideachta ag feabhsú agus ag tacú le cothabháil na feidhmíochta agus an chultúir inniúlachta sábháilteachta láidir trína chinntiú go bhfuil comhghleacaithe in ann feidhm a bhaint as a gcuid scileanna ar bhealach níos sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa Athbhreithniúcháin Iniúchóireachta ceaptha ag bord Iarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na; cuntais bhliantúla, rialuithe inmheánacha agus cúrsaí a bhaineann le comhlíonadh, ar éifeachtacht na hiniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus bainistiú riosca. Chomh maith leis sin cheap an bord Grúpa Comhairleach Bonneagair chun monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan bonneagair agus ar bhainistiú tionscadail na dtionscadal mór bonneagair agus ceapadh Grúpa Comhairleach ar Chomharthaíocht, Nithe Leictreacha agus Teileachumarsáide agus Grúpa Comhairleach Innealtóireachta Meicniúla chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht innealtóireachta. Bunaíodh freisin Grúpa Comhairleach Sábháilteachta agus Grúpa Comhairleach Oibríochtaí chun cuidiú leis na mbord monatóireacht a dhéanamh ar phríomhréimsí gnó. Tá tuilleadh sonraí i ndáil le córas um rialú inmheánach na cuideachta leagtha amach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir ar na stúirthóirí ar shlí thráthúil mar ullmhúchán do chruinnithe boird agus Coiste. Bíonn faisnéis bhreise i dteannta na bpáipéar sin a bhíonn iarrtha go sonrach ag na stúirthóirí ó am go ham.

Faigheann na stúirthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais bhainistíochta tréimhsiúla agus tuarascálacha agus faisnéis bhainistíochta rialta a chuireann ar a gcumas feidhmíocht na cuideachta agus na mbainisteoirí a iniúchadh in aghaidh cuspóirí comhaontaithe.

## Gnóthas Leantach

Tá na cuntais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tuairiscíonn na stúirthóirí go bhfuil siad sásta gur gnóthas leantach í an chuideachta mar go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, tá athbhreithniú déanta ag na stúirthóirí ar an mbuiséad don bhliain 2009, archomh maith le na pleananna don mheántéarma.

## Leabhair Chuntais

Tá curtha in iúl ag an stúirthóirí go bhfuil a ndualgas leabhair chuntais chuí a choimeád comhlíonta acu trí chórais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus trí fhoireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag ceannoifig na cuideachta i Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Tá Iarnród Éireann ag feidhmiú i gcónaí de réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus laistigh de théarmaí a Cháis Sábháilteachta Iarnróid, ar ghlac an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid leis.

## Rialacháin um Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála 2002

Tugann na stiúrthóirí aitheantas dá gcuid freagrachta as ucht comhlíonadh a chinntiú, i leith nithe ábharacha uile, le forálacha Rialacháin an CE (íoc deireanach) 2002. Táthar tar eis gnáthaimh a fhorfheidhmiú chun na dátaí a aithint ina dtiteann sonraisc uile dlite chun íocaíochta agus chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoi dhátaí dá leithéid. Soláthraíonn gnáthaimh dá leithéid dearbhú réasúnach i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábharach leis na rialacháin.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na comhlachta. Roimh 1 Lúnasa, 2008 cheap Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann stiúrthóirí le toiliú an Aire. Tá na stiúthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2009 nó iad siúd a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| **An Dr. J. J. Lynch** | Cathaoirleach (D'éirigh as 27 Márta, 2010 athcheaptha 29 Márta, 2010) |
| **An tUasal M. Cullen** | (Ceaptha 1 Nollaig, 2009) |
| **An tUasal P. Cullen** | (Athcheaptha 1 Eanair, 2009 D'éirigh as 30 Samhain, 2009) |
| **An tUasal G. Duggan** | (D'éirigh as 8 Feabhra, 2010) |
| **An tUasal P. Gaffney** | (D'éirigh as 31 Nollaig, 2008 Athcheaptha 18 Bealtaine, 2009) |
| **An tUasal M Giblin** | (Ceaptha 18 Bealtaine, 2009) |
| **M. Johnston Uasal** | (Athcheaptha 1 Eanair, 2009, D'éirigh as 30 Samhain, 2009) |
| **An tUasal L .O'Neill** | |
| **An tUasal J. Moloney** | (Ceaptha 1 Nollaig, 2009) |
| **An tUasal C. Perry** | (D'éirigh as 12 Samhain, 2008, Athcheaptha 18 Bealtaine, 2009) |
| **D Smyth Uasal** | (Ceaptha 18 Bealtaine, 2009) |

Seo thíos liosta de thinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe Boird i rith na bliana 2009.

| Stiúrthóir | Cuntas Tinrimh Boird Iarnród Éireann |
|---|---|
| John Lynch (Cathaoirleach) | 10/11 |
| Paul Cullen | 3/10 |
| Gerry Duggan | 11/11 |
| Phil Gaffney | 5/7 |
| Michael Giblin | 7/7 |
| Mary Johnston | 9/10 |
| Laurence O'Neill | 9/11 |
| Cliff Perry | 4/7 |
| Dearbhalla Smyth | 6/7 |

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana. Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí ná socruithe i rith na bliana i ndáil le gnó an ghrúpa ina raibh leas ag stúirthóir. Tá gnáthscair amháin i seilbh rúnaí na cuideachta mar ainmní de chuid Bhord Chóras Iompair Éireann.

## Rúnaí na Cuideachta

Is fostaí lánaimseartha de chuid máthairchuideachta na cuideachta, Córas Iompair Éireann í rúnaí na cuideachta. Tá rúnaí na cuideachta freagrach as comhairle a thabhairt don bhord, tríd an gCathaoirleach, maidir leis na cúrsaí rialachais go léir. Tá rochtain ag gach stúirthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta. Foráiltear in Airteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na stúirthóirí é rúnaí na cuideachta a cheapadh agus a chur as oifig.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal M. Giblin** Stiúrthóir

1 Aibreán, 2010

# RÁITEAS D'FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí Iarnród Éireann

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go 46. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach sa ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta ar leathanaigh 22 go 23.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdean Cuntasaíochta (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn) mar atá leagtha amach ar leathanach 19 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glan-sócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Léamar Tuarascáil na Stiúrthóirí. Breithnímid na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhíráitis dhealraitheacha ann. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

## Tuairim

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2009 de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus ar a chaillteanas agus ar shreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus
- ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 15 go 18 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 25, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig, 2009, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers**
*Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe*
hAon Dug Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1

1 Aibreán, 2010

# PRÍOMHBHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) BUNÚS AN ULLMHAITHE

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Caitear le Dubel Limited, fochuideachta atá in úinéireacht iomlán, mar bhrainse d'Iarnród Éireann do chríocha cuntasaíochta.

Tá comparáidí na bliana roimhe seo athbhreithnithe chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) IONCAM

Tá ioncam comhdhéanta d'oll-luach na seirbhísí a soláthraítear.

## (C) SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

### (i) Línte agus Oibreacha Iarnróid

Tá córas líonraí comhdhéanta de línte agus d'oibreacha iarnróid. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra reatha, a choimeádann an cumas oibríochta de réir caighdeáin sainmhínithe na seirbhíse, mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ag costas tar éis deontais a asbhaint.

Is é an muirear dímheasa do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ná an leibhéal measta caiteachais bliantúil atá riachtanach chun cumas oibríochta an líonra a choimeád agus tá sin bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní na cuideachta.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a ardaíonn a chumas nó a chuireann lena chumas oibríochta mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas a dhímheastar thar a saol úsáideach.

### (ii) Rothra Iarnróid

Dímheastar gluaisinnill (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a fhaightear gan costas), trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

Dímheastar carranna iarnróid, stoc cóiste agus vaigíní freisin, trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

### (iii) Feithiclí Lastais Bóthair

Dímheastar na sócmhainní sin ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodh digití.

### (iv) Dugaí, Calafoirt agus Calaí; Fearas agus Innealra; Trealamh Seirbhísí Lónadóireachta

Dímheastar an aicme sócmhainní thuas trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

### (v) Foirgnimh

Dímheastar foirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar saol caoga bliain. Tá luach de réir na leabhar an talún agus na foirgnimh atá infhaighte le díol agus ar dhócha iad a dhiúscairt sa chead dhá mhí déag eile san áireamh i sóchmhainní reath mar is cuí.

## (D) SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

### (i) Léasanna Airgeadais

Tá cuntas déanta ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag cuntasú do Chonarthaí Léasanna agus Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó saol úsáideach na sócmhainne. Tá gnéithe caipitil na n-oibleagáidí cíosa amuigh san áireamh i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite thar phríomhthréimhse an léasa.

# PRÍOMHBHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEANÚINT)

### (ii) Léasanna Oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (E) STOIC

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (F) DEONTAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS ÓN STÁTCHISTE

### (i) Deontais do Línte agus d'Oibreacha Iarnróid atá ann Cheana

Asbhaintear deontais a fuarthas do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an polasaí sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Níltear ag cloí le riachtanais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 mar, dar leis na mBord, go bhfuil sé riachtanach go léireodh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom mar nach bhfuil saoil inbhraite ag na línte agus ag na hoibreacha iarnróid sin agus dá réir nach mbeadh aon bhunús ann trína n-athneofaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha.

### (ii) Deontais do Chaiteachas Caipitil Eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais Ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite sa bhliain a fhaightear iad.

### (iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Amúchtar deontais infheistíochta sábháilteachta chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (G) AIRGEAD COIGRÍCHE

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (H) PINSIN

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a soláthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

## (I) COSTAIS INFRASTRUCHTÚIR IARNRÓID

De réir Threoir Chomhairle AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais don ghnó seirbhísí iompair agus iad sin don ghnó bainistíochta an infrastruchtúir iarnróid ar leithligh. Breithnítear na costais infrastruchtúir de réir Iarscríbhinn 1.A de Rialachán an AE Uimhir 2598/70.

# CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

| | Nótaí | Iomlán 2009 €000 | Míreanna Eisceachtúla Oibriócht 2009 €000 | Oibríochtaí leanúnacha roimh na Míreanna Eisceachtúla 2009 €000 | Iomlán 2008 €000 | Míreanna Eisceachtúla Oibriócht 2008 €000 | Oibríochtaí leanúnacha roimh na Míreanna Eisceachtúla 2008 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Nóta 4 | | | Nóta 4 | |
| **Ioncam** | | **197,575** | - | **197,575** | 221,476 | - | 221,476 |
| **Costais** | | | | | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | **(266,790)** | **(27,989)** | **(238,801)** | (266,529) | (18,910) | (247,619) |
| Ábhair agus seirbhísí | *3* | **(115,514)** | - | **(115,514)** | (152,642) | - | (152,642) |
| Dímheas lúide amúchadh deontas caipitil | *5* | **(28,013)** | - | **(28,013)** | (22,231) | - | (22,231) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(410,317)** | **(27,989)** | **(382,328)** | (441,402) | (18,910) | (422,492) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | *6* | **523** | - | **523** | 1,441 | - | 1,441 |
| **Easnamh roimh ús agus deontais Stáit agus fóirdheontas CIÉ** | | **(212,219)** | **(27,989)** | **(184,230)** | (218,485) | (18,910) | (199,575) |
| Ús iníoctha | | | | | | | |
| - oibríochtúil | *7* | **(2,047)** | - | **(2,047)** | (2,686) | - | (2,686) |
| - infrastruchtúr iarnróid | *7* | **(1,133)** | - | **(1,133)** | (1,508) | - | (1,508) |
| **Ús iomlán** | | **(3,180)** | - | **(3,180)** | (4,194) | - | (4,194) |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit agus fóirdheontas CIÉ** | | **(215,399)** | **(27,989)** | **(187,410)** | (222,679) | (18,910) | (203,769) |
| Deontais Stáit – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | *8* | **170,624** | - | **170,624** | 181,152 | - | 181,152 |
| Deontais Stáit – deontas sábháilteachta iarnróid | *8* | **12,772** | - | **12,772** | 12,466 | - | 12,466 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain i ndiaidh deontais Stáit** | | **(32,003)** | **(27,989)** | **(4,014)** | (29,061) | (18,910) | (10,151) |
| Ranníocaíocht ó mháthairchuideachta | | - | - | - | 10,000 | - | 10,000 |
| **Easnamh don bhliain** | *19* | **(32,003)** | **(27,989)** | **(4,014)** | (19,061) | (18,910) | (151) |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J .J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal M. Giblin** Stiúrthóir

# CLÁR COMHARDAITHE

| Amhail an 31 Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 9 | **1,702,886** | 1,577,212 |
| Sócmhainní airgeadais | 10 | **20** | 20 |
| | | **1,702,906** | 1,577,232 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 11 | **55,671** | 46,327 |
| Féichiúnaithe | 12 | **122,717** | 172,087 |
| Cúlchnap airgid | | **286** | 280 |
| | | **178,674** | 218,694 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna ag titim dlite laistigh de bhliain amháin) | 13 | **(263,225)** | (277,648) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(84,551)** | (58,954) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,618,355** | 1,518,278 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna ag titim dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | 14 | **(119,257)** | (189,129) |
| **Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir** | 16 | **(57,777)** | (56,696) |
| **Ioncam iarchurtha** | 17 | **(1,382,218)** | (1,247,373) |
| | | **59,103** | 25,080 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 18 | **95,230** | 29,204 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 19 | **(36,127)** | (4,124) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | 19 | **59,103** | 25,080 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J .J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal M. Giblin** Stiúrthóir

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **(Glan-eisreabhadh)/glan-insreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | *20(A)* | **(40,259)** | 37,582 |
| **Seirbhísiú airgid** | | | |
| Ús íoctha | *7* | **(1,440)** | (2,139) |
| Eilimint úis de chíosléasuithe airgeadais | *7* | **(1,740)** | (2,055) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó sheirbhísiú airgid** | | **(3,180)** | (4,194) |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe a cheannach | | **(306,568)** | (476,791) |
| Sócmhainní inláimhsithe a dhíol | | **561** | 1,445 |
| Deontais Chaipitil | | **321,756** | 431,455 |
| **Glan-insreabhadh/(glan-eisreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **15,749** | (43,891) |
| **(Glan-eisreabhadh) airgid roimh bhainistiú ar acmhainní leachtacha agus maoiniú** | *20(B)* | **(27,690)** | (10,503) |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | *20(B)* | **44,268** | 11,979 |
| **Maoiniú** | | | |
| Eilimint caipitil de chíosléasuithe airgeadais | | **(4,898)** | (5,406) |
| **Eisreabhadh glan airgid ó Mhaoiniú** | *20(B)* | **(4,898)** | (5,406) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain** | *20(B)* | **11,680** | (3,930) |
| **Réiteach ar ghlan-insreabhadh airgid go gluaiseacht i nglanfhiacha** | | | |
| Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain | | **11,680** | (3,930) |
| Eisreabhadh airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta, maoiniú léasa agus tionscadail infheistíochta PFN maoinithe ag CIÉ | | **(39,370)** | (6,573) |
| Gluaiseacht i nglanfhiacha sa bhliain | | **(27,690)** | (10,503) |
| Gluaiseacht neamhairgid i rith na bliana | | **66,026** | - |
| Glanfhiacha an 1 Eanáir | | **(129,172)** | (118,669) |
| **Glanfhiacha an 31 Nollaig** | | **(90,836)** | (129,172) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Toradh na cuideachta** | | |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta, Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla;** | | |
| **Oibríochtaí iarnróid;** | | |
| Iarnród ar Phríomhlíne *(nóta 1B)* | **(66,003)** | (70,791) |
| Iarnród bruachbhailte *(nóta 1C)* | **(18,262)** | (20,497) |
| **Oibríochtaí iomlána iarnróid** | **(84,265)** | (91,288) |
| Ranníocaíocht ó mhátháirchuideachta | - | 10,000 |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus deontais Stáit d'oibríochtaí Iarnróid | **76,342** | 83,826 |
| **(Easnamh)/barrachasoibríochta roimh ús oibríochta agus míreanna eisceachtúla:** | | |
| Oibríochtaí Iarnróid (Seirbhísí lónadóireachta san áireamh) | **(7,923)** | 2,538 |
| Cothabháil Infrastruchtúir *(nóta 1D)* | **3,912** | (3,181) |
| Lastas bóthair *(nóta 1E)* | - | 91 |
| Europort Ros Láir *(nóta 1F)* | **2,654** | 3,154 |
| **Barrachas iomlán oibríochta don bhliain roimh ús oibríochta agus míreanna eisceachtúla** | **(1,357)** | 2,602 |
| Ús | **(3,180)** | (4,194) |
| Brabús ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | **523** | 1,441 |
| **Barrachas iomlán oibríochta roimh mhíreanna eisceachtúla** | **(4,014)** | (151) |
| Costais eisceachtúla oibríochta *(nóta 4)* | **(27,989)** | (18,910) |
| **Barrachas don bhliain** | **(32,003)** | (19,061) |

Níl muirear cánach ar thorthaí na bliana mar nach dtógtar ioncaim áirithe den chuideachta i gcuntas do chuspóirí cánach.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 1. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(B) Rannán iarnróid an Phríomhlíne** | | |
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí paisinéirí | **123,397** | 135,320 |
| Seirbhísí lastais | **9,001** | 15,479 |
| | **132,398** | 150,799 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil ar rothra | **(39,025)** | (49,945) |
| Breosla | **(23,676)** | (28,565) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | **(124,196)** | (136,401) |
| Dímheas oibríochta | **(47,621)** | (36,563) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **36,117** | 29,884 |
| **Caiteachas iomlán** | **(198,401)** | (221,590) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta agus Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | **(66,003)** | (70,791) |
| **(C) Rannán iarnróid bruachbhailte** | | |
| **Ioncam** | **53,765** | 57,221 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil ar rothra | **(20,796)** | (20,167) |
| Breosla (lena n-áirítear leictreachas tarraingthe) | **(5,642)** | (9,776) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | **(39,977)** | (43,780) |
| Dímheas oibríochta | **(36,956)** | (34,621) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **31,344** | 30,626 |
| **Caiteachas iomlán** | **(72,027)** | (77,718) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta agus Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | **(18,262)** | (20,497) |
| Áirítear i gCothabháil na bhfigiúr rothra i (nóta 1(B)) d'iarnród an Phríomhlíne agus (nóta 1(C)) den iarnród bruachbhailte iad; | | |
| - Muirear dímheasa | **3,337** | 3,590 |
| - Amúchadh ar dheontais | **1,961** | 2,046 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 1. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(D) Cothabháil ar infrastruchtúr iarnróid** | | |
| Ag cloí le Treoir 91/440 Chomhairle an AE, ríomhadh costais rannán infrastruchtúir an iarnróid mar seo a leanas: | | |
| Cothabháil ar línte agus oibreacha iarnróid | (71,029) | (78,891) |
| Athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid | (68,753) | (105,740) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | (23,923) | (25,181) |
| Dímheas | (26,464) | (25,885) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | 18,275 | 16,984 |
| **Caiteachas iomlán** | (171,894) | (218,713) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha agus deontais Stáit** | (171,894) | (218,713) |
| Oibleagáid Infrastruchtúr Seirbhíse Poiblí | 104,700 | 107,098 |
| Maoiniú sábháilteachta Státchiste | 2,353 | 2,694 |
| Maoiniú athnuachana | 68,753 | 105,740 |
| | 175,806 | 215,532 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh ús oibríochta iníoctha** | 3,912 | (3,181) |
| Cionroinnt Costas (lena n-áirítear ús oibríochta iníoctha) | | |
| **Rannán iarnróid an phríomhlíne** | 145,378 | 171,620 |
| **Rannán iarnróid bruachbhailte** | 26,516 | 47,093 |
| **Cothabháil infrastruchtúir costas iomlán** | 171,894 | 218,713 |

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(E) Rannán um lastas bóthair** | | |
| **Ioncam** | - | 1,594 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Cothabháil feithiclí agus trealaimh | - | (5) |
| Breosla | - | (11) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | - | (1,484) |
| Dímheas oibríochta | - | (3) |
| **Caiteachas iomlán** | - | (1,503) |
| **Barrachas glan don bhliain** | - | 91 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 1. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(F) Rannán Europort Ros Láir** | | |
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí cuain | **11,412** | 11,862 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Caiteachais cothabhála, oibríochta agus eile | **(7,876)** | (7,937) |
| Dímheas oibríochta | **(1,360)** | (1,350) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **478** | 579 |
| **Caiteachas iomlán** | **(8,758)** | (8,708) |
| **Barrachas oibríochta roimh ús iníoctha** | **2,654** | 3,154 |
| | | |
| **(G) Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit, Maoiniú an AE agus an Státchiste** | | |
| **Leithdháilte chuig:** | | |
| Oibríochtaí iarnróid | **76,342** | 83,826 |
| Cothabháil Infrastruchtúr | **175,807** | 215,532 |
| | **252,149** | 299,358 |
| **Foinsí:** | | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | **170,624** | 181,152 |
| Sábháilteacht Státchiste agus deontais eile | **12,772** | 12,466 |
| Athnuachan maoinithe ag an Státchiste | **68,753** | 105,740 |
| | **252,149** | 299,358 |

**(H) Glan-bharrachas ó ghníomhaíochtaí roimh mhíreanna eisceachtúla**

| | Tráchtáil €000 | Sóisialta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| 2009 | | | |
| Ioncam | 11,412 | 186,163 | 197,575 |
| Costais | (8,824) | (444,913) | (453,737) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit, maoiniú AE agus Státchiste | - | 252,148 | 252,148 |
| **Easnamh don bhliain** | 2,588 | (6,602) | (4,014) |
| **Glantoradh 2008** | 3,429 | (3,580) | (151) |

Áirítear ar na gníomhaíochtaí tráchtála thuas rannán lasta bóthair, rannán seirbhísí lónadóireachta agus rannán Europort Ros Láir.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Tuarastail agus pá | **252,769** | 261,202 |
| Costais leasa shóisialaigh | **21,358** | 22,079 |
| Costais phinsin eile | **28,667** | 25,165 |
| | **302,794** | 308,446 |
| **Obair féin chaipitlithe, athnuachan agus obair innealtóireachta do ghrúpchuideachtaí** | **(64,196)** | (61,039) |
| **Glanchostais foirne** | **238,598** | 247,407 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| - seirbhísí mar stiúrthóirí | **57** | 67 |
| - luachanna saothair eile | **146** | 145 |
| **Iomlán luachanna saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | **203** | 212 |
| **Costais phárolla agus costais ghaolmhara iomlána** | **238,801** | 247,619 |

Áiríonn na seirbhísí mar stiúrthóirí na táillí seo a leanas, an tUas. G. Duggan €13,063, an tUas. C. Perry €7,833, an tUas. L. O'Neill €13,063, an tUas. P. Gaffney €7,833, an tUas. M. Giblin €7,833 agus D. Smyth Uasal €7,833.

Tá Ollphá an P.O.F. go deireadh na bliana 2009 de €331,565 curtha san áireamh sa Phárolla agus Costais Ghaolmhara thuas chomh maith.

**Tá na costais seo a leanas áirithe sa luach saothair eile:**

| | 2009 €0 | 2008 €0 |
|---|---|---|
| Taisteal Coigríche | **2,786** | 3,930 |
| Cothabháil agus Cóiríocht | **4,484** | 4,316 |
| Eile | **1,940** | 3,820 |

| | Líon Foirne | | Líon Foirne | |
|---|---|---|---|---|
| | **2009 Meán** | 2008 Meán | **2009 amhail an 31 Nollaig 09** | 2008 amhail an 31 Nollaig 08 |
| Is iad líon na bhfostaithe de réir gníomhaíochta | | | | |
| ■ Oibríochtaí iarnróid (Seirbhísí lónadóireachta san áireamh) | **3,024** | 3,212 | **2,907** | 3,144 |
| ■ Infrastruchtúr | **1,256** | 1,292 | **1,219** | 1,281 |
| ■ Lastas bóthair | **21** | 31 | **18** | 24 |
| ■ Europort Ros Láir | **91** | 83 | **85** | 88 |
| **Fo-iomlán** | **4,392** | 4,618 | **4,229** | 4,537 |
| ■ Tionscadail | **287** | 288 | **270** | 308 |
| **Foriomlán-iomlán** | **4,679** | 4,906 | **4,499** | 4,845 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 3. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

Faightear easnamh don bhliain roimh ús agus deontais Stáit tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú faoi ábhair agus seirbhísí.

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Costais oibríochta agus eile | **68,732** | 102,033 |
| Breosla agus tarraingt leictreach | **36,409** | 35,037 |
| Eilimh dhliteanais an Tríú Páirtí agus an fhostóra | **3,168** | 8,397 |
| Rátaí | **2,928** | 2,770 |
| Cíosléasuithe oibríochta | **4,187** | 4,303 |
| Luach saothair iniúchóirí | **90** | 102 |
| | **115,514** | 152,642 |

## 4. COSTAIS EISCEACHTÚLA OIBRÍOCHTA

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú Gnó | **27,989** | 18,910 |

Mar chuid den Phlean Airgeadais 2003, thug an chuideachta scaoilíocaíochtaí deonacha agus clár luathscoir isteach. Ba é an costas measta i 2009, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus costais eile a bhaineann leis an gclár €28.0 milliún.

## 5. DÍMHEAS

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 9)* | **117,227** | 102,772 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil *(nóta 17)* | **(89,214)** | (80,541) |
| **Dímheas iomlán** | **28,013** | 22,231 |

## 6. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **523** | 1,441 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 7. ÚS INÍOCTHA

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ar iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **1,440** | 2,139 |
| Ar léasanna airgeadais | **1,740** | 2,055 |
| | **3,180** | 4,194 |
| Ús cionnroinnte:- | | |
| **Costais oibríochta** | **2,047** | 2,686 |
| **Costais infrastruchtúr iarnróid** | **1,133** | 1,508 |
| | **3,180** | 4,194 |

## 8. DEONTAIS STÁIT

Is de réir rialacháin iomchuí an AE a rialaíonn cúnamh Stáit maidir le gealltanais iompair iad na deontais atá iníoctha tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Tugtar sonraí faoi dheontais Stáit €613.1 milliún a fuarthas i 2009 sa tábla seo a leanas, a léiríonn an soláthar cuí de rialacháin an AE. Tugadh suim €111.2 milliún maidir le deontais a fuarthas ar fhoirgnimh ar ais chuig an gcuideachta shealbhaíochta.

| | Uimhir Rialacháin AE 1191/69 €000 | 1107/70 (Airteagal 4) €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam gaolmhar** | | | |
| **Iarnród an phríomhlíne** | | | |
| Oibriú seirbhísí paisinéirí | 122,095 | - | 122,095 |
| **Iarnród bruachbhailte** | | | |
| Oibriú seirbhísí paisinéirí | 18,331 | - | 18,331 |
| **Fo-iomlán** | 140,426 | - | 140,426 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 8. DEONTAIS STÁIT (ar leanúint)

| | Uimhir Rialacháin AE 1192/69 €000 | 1107/70 (Airteagal 3.1[b]) €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas gaolmhar** | | | |
| **Iarnród príomhlíne** | | | |
| Cuntais a normalú | | | |
| - Aicme III (pinsin) | 20,442 | - | 20,442 |
| - Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 4,553 | - | 4,553 |
| - Deontas infrastruchtúir (lastas) | - | 1,162 | 1,162 |
| | 24,995 | 1,162 | 26,157 |
| **Seirbhísí bruachbhailteach** | | | |
| Cuntais a normalú | | | |
| - Aicme III (pinsin) | 3,645 | - | 3,645 |
| - Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 396 | - | 396 |
| | 4,041 | - | 4,041 |
| **Fo-iomlán** | 29,036 | 1,162 | 30,198 |
| **Iomlán den Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** *(nóta 20A)* | | | 170,624 |
| | | | |
| Deontas stáit do PFN | 433,545 | | |
| Cistí iarchurtha iar-CIÉ | 8,902 | | |
| | | | 442,427 |
| **Méid iomlán deontais Stáit a fuarthas** | | | 613,071 |
| **Cuireadh an méid iomlán maoinithe a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas:** | | | |
| **An cuntas brabúis & caillteanais** | | | |
| **Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | | 170,624 |
| **Deontas Ioncaim Sábháilteachta Iarnróid** *(nóta 20A)* | | 12,772 | |
| **Creidmheas in aghaidh athnuachan línte agus oibreacha iarnróid** *(nóta 9(a))* | | 68,753 | |
| **Ioncam iarchurtha** *(nóta 17)* | | 240,838 | |
| **Maoiniú iarchurtha** | | 8,902 | |
| **Aistrithe go CIÉ do Thalamh & Foirgnimh** | | 111,182 | |
| **Deontas stáit do PFN** | | | 442,447 |
| **Iomlán** | | | 613,071 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| Costas | 1 Eanáir 2009 €000 | Ath Rangú €000 | Breiseanna €000 | Draimh & Diúscairtí €000 | 31 Nollaig 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,350,454 | - | 145,962 | - | 1,496,416 |
| Rothra iarnróid | 1,265,069 | 6,767 | 63,179 | (18,193) | 1,316,822 |
| Feithiclí lastais bóthair | 3,676 | - | - | (329) | 3,347 |
| Gléasra agus innealra | 792,863 | (6,767) | 94,993 | (4,987) | 876,102 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,130 | - | - | - | 1,130 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 48,698 | - | 6,494 | - | 55,192 |
| Talamh agus foirgnimh | 1,468 | - | 1,065 | - | 2,533 |
| Obair chaipitil ar siúl | - | - | - | - | - |
| Fo-iomlán | 3,463,358 | - | 311,693 | (23,509) | 3,751,542 |
| Maoiniú faighte do línte agus d'oibreacha iarnróid | (995,386) | - | (68,753) | - | (1,064,139) |
| **Total** | 2,467,972 | - | 242,940 | (23,509) | 2,687,403 |

| Iomlán | 1 Eanáir 2009 €000 | Ath Rangú €000 | Muirear don bhliain €000 | Draimh & Diúscairtí €000 | 31 Nollaig 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,187,953 | - | 74,091 | - | 1,262,044 |
| Rothra iarnróid | 393,374 | 1,256 | 64,364 | (18,156) | 440,838 |
| Feithiclí lastais bóthair | 3,675 | - | - | (328) | 3,347 |
| Gléasra agus innealra | 284,511 | (1,256) | 46,103 | (4,986) | 324,372 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,130 | - | - | - | 1,130 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 15,190 | - | 1,175 | - | 16,365 |
| Talamh agus foirgnimh | 313 | - | 247 | - | 560 |
| Fo-iomlán | 1,886,146 | - | 185,980 | (23,470) | 2,048,656 |
| Maoiniú faighte do línte agus d'oibreacha iarnróid | (995,386) | - | (68,753) | - | (1,064,139) |
| **Iomlán** | 890,760 | - | 117,227 | (23,470) | 984,517 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Glan-leabharmhéid** | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | **234,372** | 162,501 |
| Rothra iarnróid | **875,984** | 871,695 |
| Feithiclí lastas bóthair | **-** | 1 |
| Gléasra agus innealra | **551,730** | 508,352 |
| Trealamh lónadóireachta | **-** | - |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | **38,827** | 33,508 |
| Talamh agus foirgnimh | **1,973** | 1,155 |
| Obair chaipitil ar siúl | **-** | - |
| **Iomlán** | **1,702,886** | 1,577,212 |

(a) I gcomhlíonadh FRS 15, Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, is é an bonn cuntasaíochta a dhéantar ar athnuachan oibreacha agus línte iarnróid an deontas in aghaidh chostas athnuachan an líonra iarnróid a chur chun sochair.

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Bhí caiteachas athnuachana agus deontais lena mbaineann mar seo a leanas** | | |
| Caiteachas athnuachana | **68,753** | 106,835 |
| Deontais stáit | **68,753** | 105,740 |

(b) Is mar seo a leanas atá na saolta úsáideacha de na cineálacha éagsúla sócmhainní a bhfuiltear ag súil leo do chuspóirí dímheasa:

| | **Saolta (Blianta)** |
|---|---|
| Oibreacha agus línte iarnróid | 10-40 |
| Rothra iarnróid | 4-20 |
| Feithiclí lasta bóthair | 1-10 |
| Gléasra agus innealra | 3-30 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 50 |
| Trealamh lónadóireachta | 5-10 |
| Foirgnimh | 50 |

(c) Áirítear €34,463,231 i muirir úis chaipitlithe ar na méideanna atá san áireamh sa chostas bunaidh de shócmhainní inláimhsithe éagsúla a bhaineann le scéim leictriúcháin iarnróid bruachbhailte Bré-Binn Éadair a críochnaíodh i 1984.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

(d) Áirítear ar shócmhainní inláimhsithe sócmhainní infrastruchtúir iarnróid mar seo a leanas:

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **998,899** | 877,151 |
| Dímheas carntha | **(395,822)** | (369,301) |
| Leabharmhéid glan | **603,077** | 507,850 |

(e) Áirithe sna breisithe thuas íocaíochtaí ar chuntas maidir le rothra iarnróid nach raibh i seirbhís go fóill:

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rothra iarnróid | **75,599** | 180,321 |

(f) Áirítear i sócmhainní inláimhsithe méideanna luaite thíos maidir le rothra iarnróid agus gléasra agus innealra a choimeádtar faoi léasanna airgeadais, ar a bhfuil úinéireacht thairbhiúil ag an gcuideachta .i. mórán de na rioscaí agus an luach a bhaineann le húinéireacht sócmhainne, seachas an teideal dlíthiúil:

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **91,244** | 89,030 |
| Dímheas carntha | **(72,956)** | (62,893) |
| Glan-leabharmhéid | **18,288** | 26,137 |
| Dímheas don bhliain | **(10,063)** | (6,851) |

## 10. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Infheistíochtaí trádála – scaireanna liostaithe** | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir | **63** | 63 |
| Soláthar do lagú luacha an 31 Nollaig | **(43)** | (43) |
| **Glan-leabharmhéideanna an 31 Nollaig** | **20** | 20 |
| **Luach margaidh an 31 Nollaig** | **49** | 49 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 11. STOIC

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rothra, páirteanna breise agus ábhair chothabhála | **20,569** | 17,806 |
| Stoic infrastruchtúir | **26,933** | 17,671 |
| Breosla, bealadh agus stoic éagsúla eile | **8,169** | 10,850 |
| | **55,671** | 46,327 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna a choimeádtar go riachtanach chun riachtanais oibríochta fhadtéarmacha a chomhlíonadh.

## 12. FÉICHIÚNAITHE

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **16,424** | 12,288 |
| Méideanna atá dlite de chomh-fhochuideachtaí agus cuideachtaí sealbhaíochta | **37,247** | 81,515 |
| Deontais AE infhaighte | **61,619** | 72,639 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **7,427** | 5,645 |
| | **122,717** | 172,087 |

## 13. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt bhainc | **5,267** | 16,941 |
| Creidiúnaithe trádála | **97,507** | 110,098 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 15)* | **3,845** | 4,897 |
| Cáin ioncaim bainte as faoi ÍMAT | **3,703** | 3,900 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **3,465** | 3,009 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **9,907** | 14,047 |
| Creidiúnaithe eile | **14,684** | 13,341 |
| Fabhruithe | **6,970** | 5,489 |
| Soláthar athstruchtúraithe *(nóta 16)* | **16,664** | 20,722 |
| Éilimh dhliteanais an tríú páirtí agus an fhostóra *(nóta 16)* | **2,195** | 4,110 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 17)* | **99,018** | 81,094 |
| | **263,225** | 277,648 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus do leasa sóisialach san áireamh thuas | **17,075** | 20,956 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 14. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 15)* | **20,217** | 24,063 |
| Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **99,040** | 165,066 |
| | **119,257** | 189,129 |

Seasann an iasacht seo do na sócmhainní glana lúide scairchaipiteal eisithe sannta don chuideachta i ndiaidh a bhunú tar éis atheagrú Chóras Iompair Éireann i 1987. Gach bliain, déantar aoisiú ar an méid le híoc trí thagairt a dhéanamh do na hiasachtaí bainc atá á mbainistiú ag Córas Iompair Éireann agus na cinn atá i seilbh acu thar ceann na gcuideachtaí oibríochta.

Cloínn cur i láthair anailís aibíochta ar iasachtaí agus fiachas eile thuas le forálacha Ionstraimí Caipitil FRS 25. Éilíonn an caighdeán gur cheart aibíocht fiachais a chinneadh trí thagairt a dhéanamh don dáta is luaithe a bhfuil gá aisíocaíocht a thabhairt don iasachtóir.

Le comhaontú Boird CIÉ, eisíodh an 52 milliún scair do CIÉ i gcomaoin céatadán na hiasachta idirchuideachta ag freagairt do luach na scaireanna (€66m). Tá breis sonraí ar fáil in Athbhreithniú na nOibríochtaí.

## 15. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| **(A) Léasanna airgeadais** | | |
| Tá glan-oibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 13)* | **3,845** | 4,897 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana *(nóta 14)* | **17,919** | 16,873 |
| Tar éis cúig bliana *(nóta 14)* | **2,298** | 7,190 |
| | **20,217** | 24,063 |
| | **24,062** | 28,960 |
| **(B) Léasanna oibríochta** | | |
| Téann tiomantais faoi léasanna oibríochta nach bhféadfaí a chealú iníoctha in éag mar seo a leanas:- | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **1,570** | 2,476 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **1,514** | 2,375 |
| | **3,084** | 4,851 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 16. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR

| | Soláthar Athstruchtúr-aithe | Éilimh dhliteanais an Tríú Páirtí agus an Fhostóra | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2009 | 20,722 | 60,806 | 81,528 |
| Úsáidte le linn na bliana | (32,047) | (2,902) | (34,949) |
| Aistriú ó chuntas brabúis agus caillteanais | | | |
| Mír eisceachtúil | 27,989 | - | 27,989 |
| Eile | - | 2,068 | 2,068 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | 16,664 | 59,972 | 76,636 |
| Méid níos lú aicmithe mar dhliteanas reatha *(nóta 13)* | (16,664) | (2,195) | (18,859) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig 2009 | - | 57,777 | 57,777 |

Muirearaítear aon chailliúintí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus muirir. Aistríodh soláthair ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an Chuntas Brabúis agus Caillteanais oiread sin agus go bhfuil sé measta go bhfuil os-soláthar déanta i bhfianaise na n-éileamh le tamall anuas.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach árachais seachtrach a leanas ag an mBord:

(i) Iarnród Éireann – Irish Rail

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn

(a) €5,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair iarnróid amháin agus

(b) €1,500,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit gurb os cionn US$3,300,000 é.

(ii) An Grúpa

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte áit gurb os cionn €250,000 é.

(c) aon éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$1,500,000 é.

(iii) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán ag gach aon ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2009 go Márta 2010, i ndáil le dliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar mhéid féin-árachaithe mar seo a leanas:

Iarnród Éireann – Irish Rail €11,000,000

faoi réir méid féin-árachaithe Grúpa foriomlán de €27,000,000 sa chomhiomlán bliantúil agus ina dhiaidh sin beidh aon mhéid féin-árachaithe aonair sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000.

(iv) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán Árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2009 go Márta 2010, do dhliteanais Tríú Páirtí iompair iarnróid agus bóithre agus Rioscaí eile.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 16. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR (ar leanúint)

(v) Uile Priacail, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán leis an bhfarasbarr bliantúil teoranta go €5,000,000 sa chomhiomlán tar éis a bheidh aon fharasbarr féin árachaithe aonair sa tréimhse sin cothrom le €100,000.

(vi) €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine, do gach uile cheann de na caillteanais.

(vii) Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Iarnród Éireann i ndáil lena chuid oibríochtaí ar fad ag Europort Ros Láir:

(a) Clúdach Dliteanais Muirí Tríú Páirtí €12,500,000 ar aon eachtra amháin ach neamhtheoranta i rith thréimhse an pholasaí, faoi réir barrachais €150,000 i ndáil le gach eachtra.

(b) Deireadh a chur le Clúdach Raice €5,000,000 ar aon eachtra, faoi réir fharasbarr €12,500 ar aon eachtra agus 3 lá farasbairr i ndáil le héileamh ar Chaillteanas Ioncaim i gcás eachtra amháin.

(c) Clúdach €25,500 an lá d'uasmhéid 30 lá i ndáil le haon eachtra amháin le haghaidh caillteanas ioncaim, faoi réir breis is seacht lá d'aon eachtra.

(d) Clúdach Impleacht Muirí do struchtúir mhiondealaithe cothrom le €43,600,000, faoi réir fharasbarr €25,000 do gach aon chaillteanas.

(e) Clúdach Farasbairr Dliteanais Muirí Tríú Páirtí €25,600,000 ar eachtra ar bith sa bhreis ar €12,500,000 d'aon eachtra amháin.

(f) Clúdach €5,000,000 do Leantóirí gan Tionlacan in aon ionad amháin, faoi réir fharasbarr €25,000 le haghaidh gach uile caillteanas.

(g) Clúdach €635,000 do mhótarfheiticlí gan tionlacan i ndáil le haon fheithicil nó gléas iompair amháin, €4,450,000 ar aon eachtra amháin, agus €127,500 ar aon fheithicil amháin, faoi réir fharasbarr de €625 ar gach uile chaillteanas.

(h) Feithiclí inneallghluaiste gan tionlacan nach bhfuil faoi úinéireacht CIÉ/Iarnród Éireann á thiomáint ag pearsanra Iarnród Éireann laistigh de limistéar Europort, faoi réir teorainneacha damáiste maoine tríú páirtí €1,300,000 i ndáil le feithiclí tráchtála agus €30,000,000 i ndáil le gluaisteáin phríobháideacha.

**(B) Soláthar d'éilimh ón tríú páirtí agus ó fhostóirí agus aisghabhálacha gaolmhara**

Soláthraítear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach in éilimh bhainistíochta ach ní áirítear ann forchostais inmheánach na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an Grúpa luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 16. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR (ar leanúint)

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhful críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

## 17. IONCAM IARCHURTHA

Is mar seo a leanas atá an cuntas seo, ina bhfuil deontais AE neamh-inaisíoctha, deontais stáit, agus ioncam iarchurtha eile a chuirfear chun sochair ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna is a dímheastar na sócmhainní inláimhsithe a bhaineann leis (polasaí cuntasaíochta F):

| | 1 Eanáir 2009 €000 | Aistritheacha agus scor €000 | Faighte agus Infhaighte €000 | Amúchta don Chuntas Brabúis & Caillteanais €000 | 31 Nollaig 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 431 | - | 7 | (142) | 296 |
| Oibreacha & línte iarnróid | 131,175 | - | 75,412 | (2,894) | 203,693 |
| Rothra iarnróid | 781,592 | 5,434 | 72,905 | (52,975) | 806,956 |
| Gléasra agus innealra | 400,812 | (5,434) | 93,659 | (32,813) | 456,224 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 13,372 | - | - | (355) | 13,017 |
| **Deontais chaipitil iomlán** | 1,327,382 | - | 241,983 | (89,179) | 1,480,186 |
| **Deontais stáit – Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid** | - | - | - | - | - |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,085 | - | - | (35) | 1,050 |
| **Iomlán** | 1,328,467 | - | 241,983 | (89,214) | 1,481,236 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 17. IONCAM IARCHURTHA (ar leanúint)

| Léirithe mar: | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam iarchurtha – méideanna ag titim dlite laistigh d'aon bhliain amháin *(nóta 13)* | **99,018** | 81,094 |
| Ioncam iarchurtha – méideanna ag titim dlite tar eis níos mó ná aon bhliain amháin | **1,382,218** | 1,247,373 |
| | **1,481,236** | 1,328,467 |

Scaoilfear leis na deontais a fuarthas faoin gClár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid, NDP agus Iompar 21 don bhrabús agus don chaillteanas de réir an Chláir Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid. Ba iad na deontais faighte agus infhaighte i 2009 Státchiste €240,837,545 agus Tríú Páirtí €1,145,885.

## 18. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.2697 an ceann | **95,230** | 95,230 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| **Ag Tús na Bliana** | **29,204** | 29,204 |
| **Scaireanna Eisithe** *(nóta 14)* | **66,026** | - |
| Gnáthscaireanna €1.2697 an ceann | **95,230** | 29,204 |

Médaíodh scairchaipiteal eisithe na cuideachta faoi 52 milliún scair, €66M. Eisíodh na scaireanna seo chuig CIÉ agus íocadh astu trí iasacht idirchuideachta a fuarthas nuair a bunaíodh an chuideachta a laghdú go comhréireach.

## 19. RÉITEACH GLUAISEACHTA I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ COTHROMAIS

| | Called Up Share Capital €000 | Profit and Loss Account €000 | Total Equity Shareholders' Funds €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 29,204 | (4,124) | 25,080 |
| Eisiúint scaireanna nua | | | |
| Glaoite agus íoctha go hiomlán | 66,026 | - | 66,026 |
| Easnamh don Bhliain | - | (32,003) | (32,003) |
| **Iarmhéid Deiridh** | 95,230 | (36,127) | 59,103 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 20. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

**(A) Réiteach easnaimh go glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta**

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh roimh Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit agus seirbhísiú airgeadais agus tar éis ranníocaíocht ó mháthairchuideachta agus scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir | **(212,219)** | (208,485) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais agus athnuachan *(nóta 8)* | **183,396** | 193,618 |
| Easnamh don bhliain roimh sheirbhísiú airgeadais | **(28,823)** | (14,867) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(523)** | (1,441) |
| Dímheas | **117,227** | 102,772 |
| Amúchadh deontais chaipitil (*nóta 17)* | **(89,214)** | (80,541) |
| Méadú i stoic | **(9,344)** | (9,283) |
| Méadú i bhféichiúnaithe | **(5,918)** | (79) |
| (Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **(23,664)** | 41,021 |
| **(glan-eisreabhadh)/glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **(40,259)** | 37,582 |

**(B) Anailís ar ghlanfhiacha**

| | Ag 1 Eanáir 2009 €000 | Gluaiseacht neamhairgid €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Ag 31 Nollaig 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead ar lámh | 280 | - | 6 | 286 |
| Rótharraingt bhainc | (16,941) | - | 11,674 | (5,267) |
| Iasachtaí | (165,066) | 66,026 | - | (99,040) |
| Léasanna airgeadais | (28,960) | - | 4,898 | (24,062) |
| Iarmhéid idirghrúpa | 81,515 | - | (44,268) | 37,247 |
| | (129,172) | 66,026 | (27,690) | (90,836) |

Is éard atá in acmhainní leachtacha méideanna atá dlite d'fhochuideachtaí agus comhchuideachtaí sealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach bhfuil de dhíth láithreach d'oibríochtaí a chuirtear ar fáil do ghrúpchuideachtaí eile, atá inaisíoctha ar éileamh.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 21. PINSIN

Tá fostaithe de chuid Iarnród Éireann mar bhaill de scéimeanna pinsean Ghrúpa Córas Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Córas Iompair Éireann dhá scéim pinsin sochair sainmhínithe ag clúdach formhór na bhfostaithe, gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar na mball aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin ag Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach fiú dá mbeadh sé féideartha dáileadh a dhéanamh ar baill neamh-ghníomhacha ar fud fochuideachtaí bunaithe ar lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh na baill tar éis obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Táthar tar éis cuntas a thabhairt i leith ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo, sa chaoi gur ionann é agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe arna cheadú ag Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna le haghaidh foralacha FRS 17 go raibh easnamh €547.0 milliún ar na scéimeanna ar 31ú Nollaig 2009.

B'ionann an costas pinsin don bhliain ar scéimeanna sochair sainmhínithe agus €28.67 milliún, áirítear na costais seo freisin i nóta 2.

## 22. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | Conradh déanta do €000 | Údaraithe ag na stiúrthóirí ach níl conradh déanta dóibh €000 |
|---|---|---|
| **2009** | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **82,228** | **281,509** |
| Ó dhá bhliain go cúig bliana | **83,477** | **172,839** |
| | **165,705** | **454,348** |
| **Arb é an méid maoinithe:** | **164,898** | **442,064** |
| 2008 | | |
| Gealltanais iomlána chaipitil | 218,101 | 731,254 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 23. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**(A) Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó am go ham, páirteach in imeachtaí dlí éagsúla. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a tharlaíonn i dtaca leis na bearta seo de bhreis go bunúsach ar sholáthairtí a rinneadh i ráitis airgeadais.

**(B) Léasanna Airgeadais**

Faoi théarmaí na léasanna airgeadais tá dliteanais teagmhasacha ann ina bhfritháireoidh coigeartuithe cuí go cíosléasuithe bunathruithe cánach a chuireann isteach ar dhliteanas cánach an léasóra.

## 24. IDIRBHEARTA IDIR PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 maidir le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 25. COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is comhalta é Iarnród Éireann de ghrúpa cuideachtaí Chóras Iompair Éireann (an grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an ghrúpa.

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Chóras Iompair Éireann é Iarnród Éireann, atá corpraithe i dTuaisceart Éireann agus ag a bhfuil oifigí cláraithe ag Central Station, East Bridge Street, Béal Feirste.

## 26. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 1 Aibreán 2010.